

The following vocabulary covers many common items found in a home.				
1.	teach	house	teach dhá stór	two-storey house
2.	arasán	apartment	bungaló	bungalow
3.	teach scoite	detached house	teach leathscoite	semi-detached house
4.	seomra	room	halla	hall
5.	seomra codlata	bedroom	seomra leapa	bedroom
6.	seomra suí	sitting room	seomra suite	sitting room
7.	seomra teaghlaigh	family room	cistin	kitchen
8.	seomra folctha	bathroom	leithreas	toilet
9.	leabharlann	library	oifig	office
10.	staighre	stairs	gairdín	garden
11.	díon	roof	urlár	floor
12.	doras	door	fuinneog	window
13.	simléar	chimney	eochair	key
14.	geata	gate	troscán	furniture
15.	folcadán	bath tub	cithfholcadh	shower
16.	gallúnach	soap	seampú	shampoo
17.	leithreas	toilet	páipéar leithris	toilet paper
18.	scuab gruaige	hair brush	cíor	comb
19.	scuab fiacla	toothbrush	taos fiacla	toothpaste
20.	scáthán	mirror	tuáille	towel
21.	bord	table	tolg	couch
22.	cathaoir	chair	cathaoir uilleach	armchair
23.	teilifís	television	seinnteoir físeán	video player
24.	tinteán	fireplace	raidíó	radio
25.	teileafón	telephone	guthán	telephone
26.	lampa	lamp	bolgán	bulb
27.	clog	clock	lasc	switch
28.	cairpéad	carpet	ruga	rug
29.	éadach boird	table cloth	teiptheafadán	tape recorder
30.	leabhragán	bookshelf	seif	shelf
31.	iarrann	iron	clár iarnála	ironing board
32.	triomadóir	dryer	meaisín níocháin	washing machine
33.	cuisneoir	refrigerator	reoiteoir	freezer
34.	oigheann	oven	oigheann micreathonnach	microwave oven
35.	sorn	stove	doirteal	sink
36.	miasniteoir	dishwasher	bosca bruscair	trash can

Ceacht a Ceathair Déag
Lesson Fourteen

Timpeall an Tí
Around the House

Leathanach 2
Page 2

37.	leaba	bed	pictiúr	picture
38.	cuilt	quilt	braillín	sheet
39.	piliúr	pillow	cúisín	cushion
40.	blaincéad	blanket	pluid	blanket
41.	vardrús	wardrobe	cófra	cabinet
42.	tarraiceán	drawer	cófra tarraiceán	dresser

Following are several useful expressions for describing your home and what is in it.

43.	Cén saghas tí atá agat?	What kind of house do you have?
44.	Cén cineál tí atá agat?	What kind of house do you have?
45.	Cén sórt tí atá agat?	What kind of house do you have?
46.	Tá teach mór agam.	I have a large house.
47.	Is teach mór é mo theachsa.	My house is a large house.
48.	Teach mór is ea é.	It's a large house.

49.	Cé mhéad seomra codlata atá i do theachsa?	How many bedrooms do you have in your house?
50.	Tá trí sheomra codlata i mo theach.	There are three bedrooms in my house.
51.	Tá trí sheomra codlata ann.	There are three bedrooms.
52.	Tá trí cinn ann.	There are three.

53.	An bhfuil meaisín níocháin agat?	Do you have a washing machine?
54.	Tá. Tá meaisín níocháin agam.	Yes. I have a washing machine.
55.	Tá. Tá ceann agam.	Yes. I have one.
56.	An bhfuil miasniteoir i do theachsa?	Is there a dishwasher in your house?
57.	Tá. Tá ceann sa chistin.	Yes. There's one in the kitchen.
58.	Níl. Níl ceann agam.	No. I don't have one.

59.	Cé chomh minic is a ghlacann tú cithfholcadh?	How often do you take a shower?
60.	Glacaim ceann gach maidin.	I take one every morning.
61.	Glacaim ceann ó am go chéile.	I take one from time to time.
62.	Ní ghlacaim ceann riamh.	I never take one.

The following time expressions could be used when describing how often you do (or don't do) something.

63.	gach lá	every day	gach oíche	every evening
64.	gach maidin	every morning	gach tráthnóna	every afternoon
65.	gach seachtain	every week	gach mí	every month
66.	uair sa tseachtain	once a week	dhá uair sa mhí	twice a month
67.	trí huaire sa lá	thrice a day	go minic	often
68.	ó am go chéile	once in a while	ó am go ham	from time to time
69.	uaireanta	sometimes	go hannamh	rarely
70.	riamh	never	choíche	never

Mo Theach – Na Seomraí: Mír a dó:

An Chéad Chainteoir:

Is mise Éamonn. Bungaló is ea mo theachsa. Tá trí sheomra codlata againn, agus tá seomra folctha amháin againn.

I'm Eamon. My house is a bungalow. We have three bedrooms and we have one bathroom.

An Dara Cainteoir:

Is mise Sorcha. Teach dhá stór is ea mo theachsa. Tá ceithre sheomra codlata againn agus dhá sheomra folctha againn!

I'm Sally. My house is a two-storey house. We have four bedrooms and we have two bathrooms!

An Trúú Cainteoir:

Is mise Pól. Cur síos ar mo theachsa? Hmm. Bhuel, teach dhá stór atá ann, teach leathscoite is ea é freisin. Tá ceithre sheomra codlata againn, agus tá, fan go bhfeice mé – a haon, a dó, a trí – tá trí sheomra folctha againn.

I'm Paul. Description of my house? Hmm. Well, it's a two-storey house, it's a semi-detached house too. We have four bedrooms, and we have, let's see – one, two, three – we have three bathrooms.

An Ceathrú Cainteoir:

Is mise Pádraigín. Teach nua-aimseartha is ea mo theachsa. Em, tá sé compordach. Ó, sea! Agus tá dhá sheomra codlata againn, ceann domsa agus ceann do mo Mham. Cé mhéad seomra folctha atá againn? Dhera ceann amháin. Nach leor sin?

I'm Patricia. My house is a modern house. Em, It's comfortable. O, yes! And we have two bedrooms, one for me and one for my Mom. How many bathrooms do we have? Really, one. Isn't that enough?

Troscán etc...

Comhrá a haon:

Dónall: A Bhreandáin, céard tá agatsa i do sheomra codlata?

Breandán: I mo sheomra codlata? Bhuel, tá leaba agam!

Dónall: Wow! Agus céard eile?

Breandán: Bhuel, tá vardús agam, agus tá scáthán ar an bhalla. Cad é eile anois? Ó, 'sea, tá deasc agam, agus cathaoir, agus leabhragán.

Dónall: Wow! Aon rud eile?

Breandán: Em, bhuel, tá mo ríomhaire agam, agus mo theilifis, agus mo théipthaifeadán agus mo...

Dónall: Huth! Is leor sin go raibh maith agat!

Donald: Brendan, what do you have in your bedroom?

Brendan: In my bedroom? Well, I have a bed!

Donald: Wow! And what else?

Brendan: Well, I have a wardrobe, and there's a mirror on the wall. What else now? Oh, yes, I have a desk, and a chair, and a bookcase.

Donald: Wow! Anything else?

Brendan: Em, well, I have my computer, and my television, and my tape recorder and my ...

Donald: Huh! That's enough thank you!

Ceacht a Ceathair Déag
Lesson Fourteen

Timpeall an Tí
Around the House

Leathanach 4
Page 4

Comhrá a dó:

Pól: A Aisling, inis dom cad tá agaibhse sa seomra folctha?

Aisling: Sa seomra folctha? An bhfuil tú craiceáilte?

Pól: Níl!

Aisling: Ach cén fáth?

Pól: Suirbhé don rang Gaeilge atá ann.

Aisling: Ceann eile! Bhuel, tá folcadán againn sa seomra folctha, agus tá báisín níocháin ann.

Pól: Agus?

Aisling: Bhuel, ahem, tá leithreas ann...

Pól: Céard a úsáideann tú sa seomra folctha?

Aisling: Bhuel, úsáidim tuáille, agus gallúnach, agus ...

Pól: Céard faoi d'fhiacra?

Aisling: Ó, scuab fiacra, em, agus scuab gruaige...

Pól: Agus?

Aisling: Ó, níl 'fhios agam ... agus ... seampú.

Pól: Didn't you do well?

Aisling: Ach rinne mé dearmad ar an Cuddly Toy!

Paul: Asling, tell me what you have in the bathroom?

Asling: In the bathroom? Are you crazy?

Paul: No!

Asling: But why?

Paul: It's a survey for Irish class.

Asling: Another one! Well, we have a bathtub in the bathroom, and there's a wash basin.

Paul: And?

Asling: Well, ahem, there's a toilet ...

Paul: What do you use in the bathroom?

Asling: Well, I use a towel, and soap, and ...

Paul: What about your teeth?

Asling: Oh, a toothbrush, em, and hair brush

Paul: And?

Asling: O, I don't know ... and ... shampoo.

Paul: Didn't you do well?

Asling: But I forgot the Cuddly Toy!

Comhrá a trí:

Séamas: A Liam, cé chomh minic agus a ghlacann tusa cithfholcadh?

Liam: Ó ní ghlacaim cithfholcadh riamh!

Séamas: Yeuc! Nach tú atá salach!

Liam: Níl mé! Níl aon chithfholcadh agam sa teach. Folcadán atá agam.

Séamas: Ó?

Liam: Is ea. Glacaim folcadh gach Satharn.

Séamas: Agus cén lá inniu?

Liam: Dé hAoine.

Séamas: Ugh! Slán! Feicfidh mé ar an Domhnach thú!

James: William, how often do you take a shower?

William: Oh, I never take a shower!

James: Yuck! Aren't you dirty!

William: I'm not! I don't have a shower in the house. I have a bathtub.

James: Oh?

William: Yes. I take a bath every Saturday.

James: And what day is today?

William: Friday.

James: Ugh! Bye! I'll see you on Sunday!

Ceacht a Ceathair Déag Lesson Fourteen

Timpeall an Tí Around the House

Leathanach 5 Page 5

Comhrá a ceathair:

Pádraigín: A Eibhlín, ar chuala tú gur cheannaigh mo thuismitheoirí teach nua!

Eibhlín: Is fuath liom an cailín seo! Ó, a Phádraigín, haló! Em teach nua, níor chuala ...

Pádraigín: Cheannaigh! Teach álainn atá ann, le cúig sheomra codlata agus trí sheomra folctha!

Eibhlín: (Huth! Óinseach!) Ó go hálainn!

Pádraigín: Agus tá gach rud sa chistin!

Eibhlín: Gach rud sa chistin, an ea?

Pádraigín: Is ea. Tá cuisneoir ann, tá reoiteoir ann, tá meaisín níocháin ann, agus tá oigheann micreathonnach ann.

Eibhlín: Hmm. An bhfuil miasniteoir agaibh?

Pádraigín: Ó, em, níl...

Eibhlín: Bhuel tá miasniteoir agamsa i mo chistinse. Slán.

Pádraigín: Huth? Ach ach ach ...

Patricia: Evelyn, did you hear that my parents bought a new house!

Evelyn: I hate this girl! Oh, Patricia, hello! Em, a new house, I didn't hear ...

Patricia: They did! It's a beautiful house, with five bedrooms and three bathrooms!

Evelyn: (Huh! Fool!) Oh, beautiful!

Patricia: And there's everything in the kitchen!

Evelyn: Everything in the kitchen, is it?

Patricia: Yes. There's a refrigerator, there's a freezer, there's a washing machine, there's a microwave oven.

Evelyn: Hmm. Do you have a dishwasher?

Patricia: Oh, em, no ...

Evelyn: Well, I have a dishwasher in my house. Bye.

Patricia: Huh? But, but, but ...

Comhrá a cúig:

Breandán: A Thomáis, chuala mé gur bhris robálaithe isteach i do theach aréir.

Tomás: Bhris! Agus ghoid siad gach rud as an seomra suí.

Breandán: Cad é a fuair siad?

Tomás: Bhuel, thóg siad an teilifís, agus an seinnteoir físeán.

Breandán: A dhiabhail!

Tomás: Agus an bhfuil 'fhios agat, ghoid na diabhail an pianó freisin!

Breandán: An pianó? Ach cad é mar a rinne siad sin?

Tomás: Dhera, bhí veain mhór mhillteach páirceáilte acu taobh amuigh den doras!

Breandán: Dia ár sábhail!

Brendan: Tomas, I heard that robbers broke into your house last night.

Tomas: They did! And they stole everything out of the living room.

Brendan: What did they get?

Tomas: Well, they took the television, and the video player.

Brendan: Devil!

Tomas: And do you know, the devils stole the piano too!

Brendan: The piano? But how did they do that?

Tomas: Indeed, they had a great big van parked outside the door!

Brendan: God save us!



BunGhaeilge do Thuismitheoirí / Basic Irish for Parents

This is a very handy phrasebook filled with useful vocabulary for everyday conversation. This is intended for parents of children in Gaelscoileanna (Irish Language Schools), but most topics are applicable to anyone. Topics include greetings, describing people, describing daily activities, family, etc. A section in the back describes several children's games that can be played. Regional variations in expressions are marked in the text (Connaught, Munster, Ulster) and accompanying cassettes are available in all three dialects.

ISBN: 0-946452-05-9

Publisher: Institiúid Teangeolaíochta Éireann

Published: 1989

Ceisteanna

Freagair na ceisteanna a leanas le habairtí iomlána. Déan cleachtadh ar na sonraí a léamh amach os ard.
Answer the following questions with complete sentences. Practice reading the details out loud.

1. Cén saghas tí atá agat? (what kind of house do you have)
2. Cé mhéad seomra codlata atá agat? (how many bedrooms do you have)
3. Cé mhéad seomra folctha atá agat? (how many bathrooms do you have)
4. Cad atá sa chistin agat? (what do you have in the kitchen)
5. Cad atá sa seomra folctha agat? (what do you have in the bathroom)
6. Cén troscán atá sa seomra suí agat? (what furniture do you have in the living room)
7. An bhfuil gairdín agat? (do you have a garden)
8. Cé chomh minic is a ghlanann tú an teach? (how often do you clean the house)
9. An nglacann tú folcadh nó cithfholcadh de ghnáth? (do you usually take a bath or shower)
10. Cé mhéad duine atá sa teach leat? (how many people are in the house with you)